Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0164(COD)**

**6426/1/23**
**REV 1**

**CODEC 190**
**ECOFIN 147**
**UEM 32**
**FIN 215**
**COH 19**
**AGRI 64**
**AGRIFIN 20**
**AGRISTR 11**
**FORETS 12**
**PECHE 48**
**CLIMA 76**
**ENV 134**
**CADREFIN 21**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar an tríú mír d'Airteagal 175, ar an gcéad mhír d'Airteagal 177, ar Airteagal 192(1), ar Airteagal 194(2) agus ar Airteagal 322(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 21 Iúil 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Meán Fómhair 2022[3].

---

1 9337/22.
2 IO C 333, 1.9.2022, lch. 5.
3 IO C 486, 21.12.2022, lch. 185.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

5. An 14 Feabhra 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 80/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Fhionlainn agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil; agus

   - an ráiteas ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas.

7. Leagtar amach na dearbhuithe le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 6286/23.